COIMISINÉIR
AN GHARDA SÍOCHÁNA

Litir a rinne an tuarascáil a sheoladh ar aghaidh ó Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

YD%e_bf _l jc_rf _l _af qcm `¼I bl_mI ef lÊ[

Litir a rinne an tuarascáil a sheoladh ar aghaidh ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

A Choimisinéir, a chara,

Is deas liom 18ú Tuarascáil Bhliantúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain féilire 2013 a chur faoi do bhráid. Cuirtear an tuarascáil ar aghaidh go gcuirfear faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais í, de bhun fhorálacha Alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996. Leagtar amach sa tuarascáil gníomhaíochtaí an Bhiúró i rith na bliana de bhun a sainchúraim reachtúil chun díriú ar na fáлтаis ó choireacht.

I rith 2013, anuas ar thabhairt faoi imscrúduithe nua, lean an Biúró leis an mbeartas chun cásanna a thabhairt chun críche faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996, arna leasú, agus d'éirigh leo breis agus €1 milliún a thabhairt don státchiste. I rith na bliana 2013, tugadh ocht n-imeacht nua os comhair na hArd-Chúirte faoin reachtaíocht um fháлтаis ó choireacht. Arís eile, tugadh faoi thromlach na ngníomhartha ag eascairt ó fháлтаis ó gháinneáil drugaí. Anuas air sin, glacadh gníomhartha i leith daoine a rabhthas amhrasach go raibh baint acu i bhfoirmeacha eile d'iompar coiriúil, go háirithe gníomhaíochtaí coiriúla sciúrtha breosla.

Anuas air sin, rinne an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, agus na forálacha cuí loncaim á n-úsáid, breis agus €5.4 milliún a chur faoi bhráid an Státchiste Láir agus d'éirigh leo breis agus €287,000 a aisghabháil de ró-íocaíochtaí faoi fhorálacha Leasa Shóisialaigh.

Amhail blianta roimhe seo, cuireadh straitéis an Bhiúró i dtoll a chéile sa mhéid ab fhéidir chun comhordú a dhéanamh le Pleananna Póilíneachta an Gharda Síochána agus straitéisí na gCoimisinéirí loncaim agus na Roinne Coimirce Sóisialaí. Cé nach é imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla faoina dtugann an Biúró go príomha, bhí idirchaidreamh tréan ann le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an Garda Síochána agus na Coimisinéirí loncaim lena chinntiú go leantar na réitigh chuí maidir le hiompar coiriúil.

Leagtar amach sa tuarascáil seo líon imscrúduithe coiriúla faoinar thug an Biúró i rith na bliana, d'eascair imeachtaí as cuid díobh os comhair na gCúirteanna Coiriúla.

Lean forbairt ag teacht ar Chlár Oiliúna an Phróifíleora Sócmhainní Roinne i rith 2013. Is é príomhchuspóir na forbartha seo chun feabhas a chur ar éifeachtacht an Bhiúró trí oiliúint a sholáthar do ghníomhaireachtaí gaolmhara.

I rith na bliana, tugadh faoi obair le Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána d'fhonn cúrsa oiliúna imscrúdaithe a fhorbairt a dearadh go sonrach le haghaidh oifigigh an CAB. Tugann an Biúró tús áite do chinntiú go leanann gach oifigeach le hardleibhéal scileanna, saineolais agus oideachais a bhaint amach sa timpeallacht oibriúcháin atá ag athrú i gcónaí, inár gá don Bhiúró oibriú inti.

Litr a rinne an tuarascáil a sheoladh ar aghaidh ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

Faoi mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, tá na teaicicí a úsáideann iad siúd atá bainteach i bhfáltais ó choireacht a cheilt éirithe níos casta. Tá an cúrsa oiliúna seo le tosú go luath in 2014 agus cuirtear san áireamh ann na moltaí rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh le hÉirinn a d'ascair ón tuarascáil Mheasúnachta ar an gCúigiú Babhta de Chomh-Mheasúnachtaí ar "Choireacht Airgeadais" in 2012.

Leanann an Biúró lena gcaidreamh a fhorbairt le Interpol, Europol agus le Lónra Idirghníomhaireachta Aisghabhála Sócmhainní Camden (CARIN). Anuas air sin, ar an leibhéal idirnáisiúnta, leanann an Biúró le hionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag ardán na nOifigí Aisghabhála Sócmhainní.

I rith 2013, bhí líon Cruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha i mBaile Átha Cliath ar bun ag an mBiúró sa ról a bhí acu mar óstach le hUachtaránacht CARIN. Sa mhullach air sin, chuir an Biúró Cruinniú Ginearálta Bliantúil CARIN ar bun a bhí ar siúl ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath. Chruthaigh AGM CARIN cuid de na himeachtaí oifigiúla a bhí ar siúl i gcomhar le hUachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach, chomh maith, in 2013. Ba mhór an onóir don Bhiúró gur oscail an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Alan Shatter, T.D., AGM CARIN go hoifigiúil.

D'fhreastail rannpháirtithe ó sheasca a cúig tír ar fud an domhain ar AGM CARIN mar aon le líon gníomhaireachtaí idirnáisiúnta a raibh páirt acu i ngníomhaíochtaí cosúil le Lónra CARIN.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh siúd uile a chuir le AGM CARIN a bhí chomh rathúil agus a raibh glacadh maith leis agus go háirithe, gabhaim buíochas leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais as a óráid oscailte ag an gcomhdháil. Ina theannta sin, is mian liom aitheantas agus buíochas ó chroí a chur in iúl d'fhoireann riaracháin an Bhiúró as ucht a ndianiarachtaí eagraithe, a chuir go rí-mhór le rath an AGM. Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil leis na Fórsaí Cosanta as ucht na cabhrach a thug siad le hiompar, an OPW as ucht Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann a sholáthar mar ionad fíor-álainn don imeacht. Ar deireadh, is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl d'Aonad Comhordaithe Idirnáisiúnta an Gharda Síochána, atá bunaithe ag Ceannteathrú an Gharda Síochána as ucht a gcabhrach.

Ar nós blianta roimhe seo, leanann an Biúró le tacaíocht iontach a fháil ó mhuintir an phobail. Léirítear seo trí na dea-chaidrimh oibre leis na hInstitiúidí Airgeadais, na Comhlachtaí Cuntasaíochta agus na gníomhaireachtaí rialála eile laistigh den tír, mar aon le hidirchaidreamh díreach leis an bpobal. Is é an príomhrud ar a ndíríonn an Biúró go fóill ná sprioc a dhéanamh de shócmhainní neamhcheadaithe coirpeach mór eagraithe a oibríonn ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an chroíthosaíocht seo ar chomhionann le beartas an Bhiúró chun tacú le hiarrachtaí chun iompar coiriúil a chomhrac ar leibhéal áitiúil agus leanann Clár an Phróifíleora Sócmhainní Coiriúla Roinne bheith mar pháirt mhór den iarracht sin chun dul sa tóir ar fháltais ó choireacht ar leibhéal áitiúil.

Is mian liom le caoinbhuíochas, an tacaíocht agus an comhoibriú a rinne an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Dlí, Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a aithint a rinneadh leis an mBhiúró i rith na bliana. Anuas air sin, ba mhaith liom saineolas agus tiomantas an dlíodóra agus na foirne a aithint, go háirithe, a rinne an Príomh-Aturnae Stáit a leithdháileadh ar obair an Bhiúró. Chomh maith leis sin, is mian liom rannpháirtíocht na Comhairle a bhí fostaithe ag an mBhiúró a aithint.

B'ábhar mór bróin é do chách laistigh den Bhiúró go ndeachaigh an Breitheamh Onórach, Kevin Fenney, ar shlí na fírinne i Lúnasa 2013. Fágann an Breitheamh Onórach, Kevin Feeney, leagáid de bhreithiúnais inchiallaithe a dhéanfaidh dea-fhreastal ar feadh go leor blianta maidir le tuiscint a fháil ar limistéir chasta an dlí maidir le fáiltais ó iompar coiriúil. Thar ceann an phearsanra uile ag an mBhiúró, is mian liom comhbhrón ó chroí a chur in iúl dá mhuintir.

I rith na bliana, thit go leor athruithe pearsanra amach laistigh den Bhiúró a d'eascair ó imeacht roinnt pearsanra mar gheall ar ardú céime, scor agus aistriú. Is mian liom tiomantas agus dianobair an phearsanra uile a mbíodh baint acu leis an mBhiúró a aithint. In go leor cásanna, ní thugann an pobal an dianobair faoi deara agus ní féidir leo í a aithint mar gheall ar an ngá atá le forálacha neamhainmníochta agus slándála a bhaineann lena n-obair. Anuas air sin, ba dheas liom fáilte a chur roimh phearsanra nua agus táim ag tnúth le

hoibriú leo sna blianta amach romhainn.

Ar deireadh, mar Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, is mian liom an t-ardleibhéal leanúnach gairmiúlachta, tiomantais agus dúthrachta a léiríonn gach oifigeach agus foireann an Bhiúró a aithint, ina measc siúd Oifigeach Dlí an Bhiúró, an pearsanra a tugadh ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Is mise le meas,



EUGENE CORCORAN
ARD-CHEANNFORT
PRÍOMH-OIFIGEACH AN BHIÚRÓ

An 27 Meitheamh 2014

Litir a rinne an tuarascáil a sheoladh ar aghaidh ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána



Brollach

Tuarascáil Alt 21

Seo an 18ú Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (dá dtagraítear feasta mar “an Biúró”) agus cuimsíonn sí an tréimhse ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2013, an dáta sin san áireamh.

Leasaíodh an tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus an tAcht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 líon uaireanta ach rinne an tAcht um Fháлтаis ó Choireacht (Leasú), 2005 ceann de na leasuithe ba mhó.

Chun críche na tuarascála seo, tagrófar don Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005 feasta mar “an tAcht” agus don Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 agus 2005 feasta mar “an tAcht FóC”. Soláthraíonn Achtanna 1996, mar aon le hAcht 2005, comhtheideal de leasuithe a rialaíonn cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhiúró.

Réitítear an tuarascáil seo de bhun Alt 21 den Acht a cheanglaíonn ar an mBiúró tuarascáil a chur faoi bhráid, trí Choimisinéir an Gharda Síochána, an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina dtugtar breac-chuntas ar a ngíomhaíochtaí le linn na bliana 2013.

Brollach
Tuarascáil Alt 21



Cuid a hAon

Léargas Ginearálta ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus a n-oifigigh agus a bhfoireann

An Biúró

Bunaíodh an Biúró go foirmiúil ag achtú an Achta an 15 Deireadh Fómhair 1996. Déanann an tAcht foráil don mhéid a leanas (i measc rudaí eile):

- cuspóirí an Bhiúró;
- feidhmeanna an Bhiúró;
- Príomhoifigeach an Bhiúró;
- Oifigigh an Bhiúró;
- foireann an Bhiúró;
- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- neamhainmníocht fhoireann an Bhiúró;
- cionta agus pionóis as foireann an Bhiúró agus a muintireacha a shainaitheint;
- cionta agus pionóis mar gheall ar bhac agus imeaglú;
- Barántais chuardaigh an CAB; agus
- Orduithe táirgthe an CAB.

Airgeadas

I gcaitheamh na bliana, chaith an Biúró airgead a soláthraíodh dóibh tríd an Oireachtas ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais d'fhonn tabhairt faoina bhfeidhmeanna reachtúla agus chun a gcuspóirí reachtúla a bhaint amach.

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an airgead uile a sholáthraíonn an tOireachtas, faoi mar a dtugtar breac-chuntas air thíos, agus faoi mar a fhoráiltear sa Reacht.

Anuas air sin, tugann Rannóg Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi iniúchadh neamhspleách ar nósanna imeachta agus próisis an Bhiúró.

Cuntais le haghaidh 2013

Cur Síos	Suim €	
	2012	2013
Pá	5,599,000	5,591,000
Neamhphá	811,000	864,000
Iomlán	6,410,000	6,455,000

Cuspóirí agus feidhmeanna

Leagtar amach cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró, faoi seach, in Ailt 4 agus 5 den Acht. Leagtar amach na cuspóirí agus na feidhmeanna reachtúla seo go hiomlán in Aguisín 1, agus féadtar an achoimre a leanas a thabhairt orthu:

1. fáltais ó iompar coiriúil a imscrúdú agus a shainaitheint;
2. gníomhartha a ghlacadh faoin dlí chun na sochair a chruthaíonn sócmhainní arb iad fáltais ó iompar coiriúil iad a bhaint agus a dhiúltú orthu trí na sócmhainní a reo, a chaomhnú agus a choigistiú;
3. gníomhartha a ghlacadh faoi Achtanna na gCoimisinéirí loncaim lena chinntiú go mbíonn fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil faoi réir cánach; agus
4. éilimh a imscrúdú agus a dheimhniú faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

Cuid a hAon

Léargas Ginearálta ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar a n-oifigigh agus a bhfoireann

Príomhoifigeach an Bhiúró

Tá Príomhoifigeach an Bhiúró i gceannas ar an mBiúró, a cheapann Coimisinéir an Gharda Síochána óna gcuid comhaltaí a bhfuil céim Ard-Cheannfoirt bainte amach acu. Is é an tArd-Cheannfort Bleachtairí Eugene Corcoran Príomhoifigeach reatha an Bhiúró a ghlac lena cheapachán an 1 Meán Fómhair 2010.

Tá freagracht fhorimlán ag Príomhoifigeach an Bhiúró, faoi Alt 7 den Acht, as bainistíocht, rialú agus riarachán ginearálta an Bhiúró. Tá Príomhoifigeach an Bhiúró freagrach don Choimisinéir as feidhmíocht fheidhmeanna an Bhiúró.

Déanann an Rannóg seo soláthar, chomh maith, do cheapadh Phríomhoifigeach Gníomhach an Bhiúró chun feidhmeanna Phríomhoifigeach an Bhiúró a chomhlíonadh i gcás éagumais trí bhreiteacht, easnamh nó eile.

Comhlacht corpraithe

Tá an Biúró ann mar chomhlacht corpraithe neamhspleách amhail a fhoráiltear faoi Alt 3 den Acht. Rinne an Ard-Chúirt breithniú ar an mBiúró den chéad uair i 1999 i gcás Murphy -v- Flood ([1999] IEHC 9).

Rinne an Breitheamh Onórach McCracken breithiúnas na hArd-Chúirte a thabhairt an 1 Iúil 1999. Baineann rithabhacht leis an mbreithiúnas seo chun cineál an Bhiúró a thuiscint.

Is éard a luaigh an Chúirt:

“Bunaítear an CAB mar chomhlacht corpraithe le comharbas suthain. Cé nach mór Príomhoifigeach an Bhiúró a cheapadh ó chomhaltaí an Gharda Síochána a bhfuil céim Ard-Cheannfoirt bainte amach acu, tá an CAB neamhspleách ar an nGarda Síochána, dá ainneoin sin, cé go bhfuil acu go leor de na cumhachtaí a bhronntar ar an gcomhlacht sin.

Bhunaigh an Reacht an CAB, ní hionann é agus brainse den Gharda Síochána. Bhunaigh an tOireachtas iad mar chomhlacht corpraithe go príomha ar mhaithe lena chinntiú nár cheart go mbainfeadh daoine sochar ó aon sócmhainní a fhaigheann siad ó aon ghníomhaíocht choiriúil. Bronntar an chumhacht orthu chun gach gníomh riachtanach a ghlacadh maidir le sócmhainní a urghabháil agus a ghabháil a eascraíonn as gníomhaíocht choiriúil, roinnt cumhachtaí a chinntíonn go mbíonn fáiltais ó choireacht faoi réir cánach, agus freisin maidir leis na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Ní comhlacht ionchúisimh iad áfach, agus ní údarás póilíneachta iad. Údarás imscrúdaithe iad, a dhéanann iarratas ar an gCúirt le cabhair a fhail chun a bhfeidhmeanna a fhorfheidhmiú, tar éis dóibh imscrúdú a dhéanamh agus leas a bhaint dá gcumhachtaí suntasacha imscrúdaithe.

Chreid an tOireachtas, nuair a bhí an CAB á bhunú acu, go soiléir gur theastaigh sé ar mhaithe le leas an phobail chun comhlacht a bhunú a bheadh neamhspleách ar an nGarda Síochána, agus a ghníomhódh ar bhealach imscrúdaitheach. Ní shílím,

Cuid a hAon

Léargas Ginearálta ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar a n-oifigigh agus a bhfoireann

áfach go bhfuil siad ar an gcuma chéanna leis an nGarda Síochána, a dhéanann imscrúdú d'fhonn daoine a ionchúiseamh mar gheall ar chionta. Imscrúdaíonn an CAB ar mhaithe le sócmhainní a chur faoi urrús a fuarthas mar thoradh ar ghníomhaíochtaí coiriúla agus ar mhaithe leis na sócmhainní siúd a íoc leis an Stát ar deireadh."

Leibhéil údaraithe ilghníomhaireachta

Oifigigh agus foireann an Bhiúró

Forálann Alt 8 den Acht d'oifigigh an Bhiúró a cheapadh. Ceaptar comhaltaí foirne an Bhiúró faoi Alt 9 den Acht.

Is iad oifigigh an Bhiúró:

- A. comhaltaí an Gharda Síochána;
- B. oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim; agus
- C. oifigigh na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Tugtar oifigigh ar iasacht óna máthairchuideachtaí.

	37
	6
	16
	12

Is iad foireann an Bhiúró:

- I. Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- II. Icomhaltaí gairmiúla foirne an Bhiúró;
- III. comhaltaí riaracháin agus teicniúla foirne an Bhiúró.

Leantar le hoifigigh an Bhiúró a dhílsiú lena gcumhachtaí agus lena ndualgaís in ainneoin gur ceapadh iad mar Oifigigh an Bhiúró.

Is ionann an leibhéal foirne ag an mBiúró ina bhfuil Oifigigh an Bhiúró agus foireann eile agus seachtó a haon. Bhíodh an líon seo seachtó agus méadaíodh é le linn na bliana trí Oifigeach Leasa Shóisialaigh an Bhiúró breise amháin a leithdháileadh. Laghdaíodh na líonta foriomlána foirne ag deireadh 2013, áfach, go sealadach mar gheall ar fholúntais i dtreise fhoriomlán an Gharda Síochána ag an mBiúró. Eascraíonn na folúntais mar gheall ar scor amháin, dhá ardú céime agus

Cuid a hAon

Léargas Ginearálta ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar a n-oifigigh agus a bhfoireann

oifigeach a tugadh ar iasacht ar mhaithe le dualgais na Náisiún Aontaithe. Tá iomaíochtaí leis na folúntais seo a líonadh le bheith ar bun i rith 2014.

a thógann le chéile roinnt tacair scileanna ó phearsanra atá i gceist. Tá seo indéanta faoi Alt 5 den Acht ina sonraítear feidhmeanna an Bhiúró.

Neamhainmníocht

D'fhoill sábháilteacht roinnt Oifigeach agus foirne den Bhiúró a chinntiú, leagtar neamhainmníocht dóibh siúd amach faoi Alt 10 den Acht. Faoi Alt seo, tugann oifigigh agus foireann an Bhiúró faoina ndualgais in ainm an Bhiúró.

Forálann Alt 11 den Acht do chionta coiriúla a bhaineann le sainathint roinnt Oifigeach den Bhiúró, foirne agus a muintireacha.

Ní shíntear an toirmeasc a chuirtear ar shainathint chuig Príomhoifigeach an Bhiúró, Príomhoifigeach Gníomhach an Bhiúró, Oifigeach Dlí an Bhiúró nó d'Oifigigh an Bhiúró ar comhaltaí den Gharda Síochána iad.

Oifigeach Dlí an Bhiúró

Tuairiscíonn Oifigeach Dlí an Bhiúró go díreach do Phríomhoifigeach an Bhiúró agus leagtar an dualgas air/uirthi faoi Alt 9 den Acht chun cabhrú leis an mBiúró agus iad ag tabhairt faoina gcuid cuspóirí agus feidhmeanna.

Struchtúr an Bhiúró

Baineann an sochar lena mbaineann feabhas a chur ar chumais imscrúdaitheacha i dtabhairt faoi shainchúram reachtúil an Bhiúró le struchtúr ilghníomhaireachta an Bhiúró,

Oifigeach an Phríomh-Aturnae Stáit

Soláthraíonn Rannóg Sócmhainní Coiriúla Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (dá dtagraítear feasta mar "an CSSO") comhairle dhlíthiúil agus seirbhísí aturnae don Bhiúró.

Déanann an CSSO ionadaíocht don Bhiúró i dtaobh dlíthíocht a thosú agus a chosaint i ngach dlínse cúirte, go príomha le cabhair ón gComhairle agus ó rudaí eile. Anuas air sin, soláthraíonn an CSSO ionadaíocht do gach ceist chánach agus leasa shóisialaigh os comhair na gcomhlachtaí achomhairc faoi seach agus sa Chúirt Chuarda.

Ar deireadh, soláthraíonn an CSSO comhairle ghinearálta dlí ag gach céim de dhul chun cinn cáis ó imscrúdú chuig diúscairt, agus seirbhísí dréachtaithe conartha agus tólaicais san áireamh.

Le linn 2013, bhí an fhoireann a leanas sa CSSO:

- 1 aturnae amháin;
- 2 fheidhmeannach dhlíthiúla;
- agus
- 2 oifigeach cléireachais.

Leanann an CSSO ar aghaidh le folúntas neamhlíonta d'aturnae amháin ó 2009 i leith.

Próifíleoirí Roinne

Lean Clár Oiliúna an Phróifíleora Roinne Sócmhainní Coiriúla i rith 2013. Is ionann líon na bPróifíleoirí oilte Roinne Sócmhainní Coiriúla faoi láthair agus aon chéad agus nócha a sé laistigh den dlínse.

Áirítear leis seo:


- 174 Garda;
- 19 nOifigeach de chuid na gCoimisinéirí loncaim atá fostaithe i ndualgaís Chustaim agus Mhál; agus
- 3 Oifigeach de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Is é ról na bPróifíleoirí Roinne Sócmhainní Coiriúla idirchaidreamh a dhéanamh leis an mBiúró; agus le cabhair a thabhairt don Bhiúró i gcaitheamh imscrúduithe laistigh dá gCeantair agus dá Ranna, faoi seach, de chuid an Gharda Síochána. Anuas air sin, réitíonn Próifíleoirí Roinne Sócmhainní Coiriúla próifíleoirí ar choirpigh a oibríonn laistigh dá gceantar agus iad a atreorú chuig an mBiúró le breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht de bhun shainchúram reachtúil an Bhiúró.

Cuid a hAon

Léargas Ginearálta ar an mBíuró um Shócmhainní Coiriúla agus ar a n-oifigigh agus a bhfoireann

Léaráid: Eagraíocht an Bhiúró



Cuid a Dó

Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Imscrúduithe

I rith 2013, lean Oifigigh an Bhiúró leis na cumhachtaí agus na dualgais a ndílsítear orthu faoi Alt 8 den Acht a fheidhmiú.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndílsíonn an t-alt seo ar Oifigigh an Bhiúró na cumhachtaí agus na dualgais a mbronntar orthu de bhua bhallraíocht a máthaireagraíochtaí faoi seach.

Anuas ar na cumhachtaí seo, tá cumhachtaí ar leith ar fáil ag an mBiúró, ina measc siúd:

1. Barántais chuardaigh an CAB; agus
2. Orduithe chun ábhar a chur ar fáil don CAB.

Cuimsítear na cumhachtaí seo laistigh d'Alt 14 agus d'Alt 14(A) den Acht agus den Acht Fóc, faoi seach.

Thug an Biúró faoina n-imscrúduithe i rith 2013 le comhoibriú agus cabhair phearsanra na nGardaí ó Ranna an Gharda Síochána agus ó aonaid náisiúnta an Gharda Síochána, ar nós Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (GBFI), Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána (GNDU), an Biúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil (NBCI), an tAonad Speisialta Bleachtaireachta (SDU) agus an Rannóg Slándála agus Faisnéise, Ceanncheathrú an Gharda Síochána.

Anuas air sin, thacaigh pearsanra na gCoimisinéirí loncaim le himscrúduithe ó

gach ceann de na réigiúin chomh maith:

Réigiún Bhaile Átha Cliath (an Calafort agus an tAerfort); Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair; Réigiún an Iardheiscirt agus ón Rannóg Imscrúduithe agus lonchúiseamh.

Leanann an Biúró le comhoibriú le hAonaid Speisialta Imscrúdaithe na Roinne Coimirce Sóisialaí maidir lena gcuid imscrúduithe in 2013.

Chomh maith leis sin, chabhraigh an Biúró leis an Ainmní Oifigiúil i bhFéimheacht chun airgead a aisghabháil le linn 2013, agus chomhoibrigh siad le feidhmeanna féimheachta go hidirnáisiúnta ina theannta sin.

Bhain rithábacht leis an gcabhair leanúnach maidir leis an rath a bhí orainn le díriú ar fháltais ó choireacht de chuid iompar coiriúil i rith 2013.

Alt 14

Forálann Alt 14 den Acht do bharántais chuardaigh an CAB. Faoi Alt 14(1), féadfaidh Oifigeach an Bhiúró iarratas a dhéanamh, ar comhalta é/í den Gharda Síochána, leis an gCúirt Dúiche ar bharántas chun cuardach a dhéanamh ar fhianaise a bhaineann le sócmhainní nó fáltais a eascraíonn ó iompar coiriúil.

Forálann Alt 14(2) agus (3) dá mhacasamhail de bharántas cuardaigh a eisiúint faoi chúinsí ina bhfuil práinn i gceist ina meastar go bhfuil déanamh an

Cuid a Dó

Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

iarratais ar an gCúirt Dúiche dofheidhmithe agus gur féidir le comhalta an Gharda Síochána nach bhfuil faoi bhun céim Cheannfoirt an barántas a eisiúint.

I rith 2013, rinneadh gach iarratas faoi Alt 14 leis an gCúirt Dúiche agus níor eisíodh aon bharántais de bhun Alt 14(2).

Oibrítear barántas cuardaigh Alt 14 trí ligean d'Oifigeach ainmnithe den Bhiúró, ar comhalta den Gharda Síochána é/í, lena ngabhann na daoine eile sin, de réir mar a mheasann Oifigeach an Bhiúró is gá, chun ábhar a chuardach, a urghabháil agus a choimeád ag an láthair a ainmnítear.

Is fiú an méid seo a thabhairt faoi deara sa mhéid go ligean sé do na daoine eile siúd a mheasann Oifigeach an Bhiúró is gá, lena n-áirítear daoine a bhfuil cáilíochtaí teicniúla agus/nó gairmiúla bainte amach acu, bheith i gcuideachta chomhalta an Gharda Síochána chun cabhrú leis/léi sa chuardach.

Iarratais a rinneadh i rith 2013

I rith 2013, rinneadh an líon a leanas d'iarratais faoi Alt 14 agus 14(A) den Acht agus den Acht FóC, faoi seach:

Iarratais faoi Alt 14 agus faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

Sainiú	Líon	
	2012	2013
Barántais chuardaigh faoi Alt 14 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005	103	172
Orduithe chun ábhar a chur ar fáil faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005	108	175

Alt 14A

D'iontráil an tAcht FóC Alt 14A agus forálann sé d'iarratais a dhéanamh ar Oifigeach an Bhiúró, ar comhalta é/í den Gharda Síochána chun iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Dúiche ar ordú a dhíriú ar dhuine a ainmnítear, chun ábhar a chur ar fáil d'Oifigeach an Bhiúró.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 agus 2005

Réamhrá

Forálann an tAcht FóC don mheicníocht faoinar féidir leis an mBiúró iarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt a lorgaíonn chun duine/aonáin a dhéileáil le sócmhainn ar leith a reo nó a chosc.

Anuas air sin, ceadáíonn sé don Ard-Chúirt a dheimhniú, ar ualach sibhialta an chruthúnais, cibé acu an ionann nó nach ionann an tsócmhainn seo, go díreach nó go hindíreach, agus fáлтаis ó iompar coiriúil.

Leasaíodh an tAcht FóC in 2005 chun ligean do na fáлтаis a dhéanamh faoi ainm an Bhiúró in ionad Phríomhoifigeach an Bhiúró. Ó shin i leith, rinneadh gach ceann de na hiarratais ag an mBiúró faoi ainm an Bhiúró.

Cuirtear tús leis na himeachtaí Cúirte trí iarratas ar an Ard-Chúirt le tacaíocht ó mhionnscribhinní faoi mhionn de chuid na bhfinnéithe ábhartha, lena n-áirítear, comhaltaí an Gharda Síochána, Oifigigh eile an Bhiúró agus sna cásanna ábhartha, foireann ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i ndlínsí eile.

Forálann Alt 2 den Acht FóC gur féidir an t-iarratas a dhéanamh ar bhonn ex-parte. Ciallaíonn seo go ndéanann an Biúró a n-iarratas in éagmais ceanglais an duine a ndéanann an t-iarratas difear dóibh, ag an bpointe sin, a chur ar an eolas (an Freagróir). Maireann ordú Alt 2 ar feadh 21 lá mura ndéantar iarratas faoi Alt 3 den Acht FóC. Cuirtear an duine a ndéanann an t-ordú difear dóibh ar an eolas ag an tráth seo.

Cuireadh tús le himeachtaí Alt 3 i ngach cás a rinne an Biúró i rith 2013 ina ndearnadh ordú Alt 2(1). Ceadáíonn Alt 3 reo níos fadtéarmaí sócmhainní.

Cé nach mór tús a chur le cásanna Alt 3 laistigh de 21 lá tar éis ordú Alt 2 a dhéanamh, d'fhéadfadh sé roinnt mhaith ama a ghlacadh go dtiocfadh éisteacht le hAlt 3 os comhair na hArd-Chúirte. Éistear le héisteachtaí Alt 3 leis an bhFreagróir i láthair agus bíonn an deis ag an bhFreagróir cur i leith an cháis atá á dhéanamh maidir leis an maoin atá i gceist.

I gcásanna nach bhfuil maoin dhóthanach ag an bhFreagróir chun íoc as ionadaíocht dlíthiúil, féadfaidh an Freagróir iarratas a dhéanamh ar an gCúirt go ndeonófar cúnamh dlíthiúil dóibh faoi Scéim um Chúnamh Dlíthiúil atá i bhfeidhm don chuspóir seo. Cinntíonn seo go ndéantar ionadaíocht iomlán do chearta an Fhreagróra i leith na gcaighdeán is airde.

Má léirítear, ar deireadh, chun sásaimh na hArd-Chúirte tar éis éisteacht Alt 3, gurb ionann an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, agus fáлтаis ó iompar coiriúil, déanfaidh an Chúirt ordú a dhéanfaidh an tsócmhainn a reo. Maireann an t-ordú seo seacht lá, ar a laghad, inar féidir leis an bhFreagróir nó aon pháirtí a mhaíonn úinéireacht maidir leis an maoin, iarratais go n-éagsúlaítear an t-ordú Cúirte i dtaca leis an maoin.

Ar éag na tréimhse seacht mbliana, féadfaidh an Biúró, ansin, tús a chur le himeachtaí chun an tsócmhainn a aistriú

Cuid a Trí


Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 agus 2005

chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Dlí nó daoine eile a dheimhneoidh an Chúirt faoi Alt 4 den Acht. Le linn na n-imeachtaí seo, cuirtear gach páirtí cuí ar an eolas, arís, agus féadfaidh siad iarratais a dhéanamh leis an gCúirt.

Sa chás nár éag an tréimhse seacht mbliana, féadtar ordú um dhiúscairt toilithe faoi Alt 4A den Acht a chur i bhfeidhm le toiliú an Fhreagróra agus na Cúirte.


Nuair a rinneadh anailís orthu, tháinig méadú ar an líon sócmhainní ar fuarthas ordú dóibh faoi Alt 2(1) i gcomparáid le 2012 aníos ó 47 go 48 sócmhainn.

Sócmhainní ar a ndearnadh Orduithe Alt 2(1)



Athbhreithniú Alt 2

Cásanna nua FÓC a tugadh os comhair na Cúirte



Le linn 2013, chuir an Biúró tús le himeachtaí maidir le héagsúlacht de shaghsanna sócmhainne agus tháinig méadú suntasach ar shócmhainní de shaghas airgid/airgeadais.

Tugann an Biúró an laghdú faoi deara atá tagtha ar an líon cásanna ar cuireadh tús leo in 2013 i gcomparáid le 2012. Léiríonn seo cineál na gcásanna a thosaigh an Biúró, áfach, mar aon leis an mbunchastacht a bhaineann le saghsanna na sócmhainní a ndearnadh sprioc díobh in 2013.


Léiríonn an líon sócmhainní airgid/airgeadais a rinneadh faoi réir ordú faoi Alt 2(1) i gcaitheamh 2013 an obair a rinne an Biúró chun sprioc a dhéanamh d'fháltais choiriúla a chruthaíonn grúpaí coireachta eagraithe atá fostaithe nó bainteach le himscrúduithe móra sciúrtha breosla.

Tugadh ocht gcás nua os comhair na hArd-Chúirte i rith 2013. Cuirtear seo i gcomparáid le cúig cinn déag sa bhliain 2012.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 agus 2005

Sócmhainní ar a ndearnadh Orduithe Alt 2(1)
Miondealú sócmhainní de réir shaghas na sócmhainne



Ar mhaithe le cuspóirí próifílithe, miondealaítear na sócmhainní i saincheisteanna seodra, maoine, feithicil, agus airgid/airgeadais.

Miondealú Luachála

B'ionann luach daichead a hocht sócmhainn a reodh faoi Alt 2 den Acht Fóc i rith na bliana agus €2,821,305. Féadtar an figiúr seo a mhiondealú sa tábla thíos.

Anailís ar Ordú Alt 2 de réir shaghas na sócmhainne	
Sainiú	€
Maoín	1,183,539
Feithicilí	27,100
Airgead/Airgeadas	1,610,666
Iomlán	2,821,305

Tá na figiúirí seo bunaithe ar an luach measta a chuireann an Biúró ar an tsócmhainn ag an am a dhéantar an t-iarratas faoi Alt 2(1) den Acht Fóc.

Dá réir sin, cé go bhfuil an líon cásanna a thosaigh an Biúró in 2013 laghdaithe i

gcomparáid le 2012, tháinig méadú €710,970.22 ar luach na sócmhainní a bhí i gceist i gcomparáid leis an tréimhse chéanna. Is méadú 33% an méadú seo ar fhiúir 2012.

Miondealú Tíreolaíochta

Cuimsíonn sainchúram an Bhiúró imscrúdú ar chásanna um fháлтаis ó choireacht gan aird ar láthair na sócmhainní.

I rith 2013, bhain an Biúró orduithe amach ar shócmhainní maidir le fáлтаis ó choireacht i ngach ceann de na limistéir mhóra uirbeacha, pobail tuaithe, agus dlínsí iasachta.

Fanann an Biúró tiomanta do sprioc ghníomhach a dhéanamh de shócmhainní arb iad fáлтаis ó iompar coiriúil pé áit a bhfuil siad lonnaithe.

Athbhreithniú Alt 3


Déantar orduithe Alt 3(1) ag deireadh na héisteachta ar cibé acu an ionann nó nach ionann sócmhainn agus fáлтаis ó iompar coiriúil. Mar dhea, saincheist is ea dáta agus fad éisteachta na ceiste nach bhfuil aon smacht ag an mBiúró uirthi.

Rinneadh ceithre ordú dhéag ar luach €2,180,940.21 de bhun Alt 3(1) den Acht Fóc.

Cuid a Trí


Gníomhartha faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005

Líon na gcásanna ina ndearnadh Orduithe Alt 3(1)



Tháinig laghdú beag ar an líon sócmhainní ina ndearna an Ard-Chúirt orduithe de bhun Alt 3(1) ó thríocha a cúig sócmhainn in 2012 go dtí tríocha a trí sócmhainn in 2013.

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe faoi Alt 3(i) ina leith



Tá an Biúró feasach ar na hollbhrúnna airgeadais atá ar airgeadas poiblí agus, dá réir sin, leanann an Biúró le horduithe costais a lorg agus le hiarrachtaí a dhéanamh chun na costais siúd a aisghabháil ón bhFreagróir nuair a bhíonn an rath orthu.

Forálann Alt 3(3) den Acht Fóc go ndéanfaidh cúirt iarratas, agus bíonn ordú Alt 3(1) i bhfeidhm chun an t-ordú a éagsúlú nó a dhíscailleadh. Féadfaidh an Freagróir an t-iarratas a dhéanamh i gcás a ghlacann an CAB nó aon duine eile a mhaíonn go bhfuil úinéireacht acu ar an maoin. Cé gurb éard go príomha a dhéanann Alt 3(3) ná plé a dhéanamh ar dhéanamh iarratais ag Freagróir i gcás, is féidir le híospartaigh na coireachta ar féidir leo a léiriú gurb ionann airgead nó maoin a reodh faoin ordú Alt 3(1) agus a maoin féin go díreach, go dtabharfar an céanna ar ais dóibh.

Leag Tuarascáil Bhliantúil 2012 amach go sonrach iarratas a rinne íospartaigh faoi Alt 3(3). Le linn 2013, ní dhearna an Ard-Chúirt aon orduithe cibé acu i bhfabhar na bhFreagróirí nó aon duine eile.

Maoin

Le blianta beaga anuas, tá laghdú mór tagtha ar mhaoín a dheimhnigh an Ard-Chúirt gurbh é fáltais ó iompar coiriúil. I dtaca leis na cásanna ina bhfuil baint ag cionta calaoise, díríonn an Biúró ar chásanna inar thug an páirtí atá i seilbh na maoine faoi choireacht thromchúiseach. Anuas air sin, leagtar béim ar chásanna, chomh maith, ina n-úsáidtear aisíocaíochtaí morgáiste mar bhealach chun fáltais ó iompar coiriúil a sciúradh. Tá an fhoirm seo de sciúradh airgid, is é sin, cistí a úsáid ó iompar coiriúil i dtreo aisíocaíochtaí morgáiste agus foirmeacha eile d'iasachtú, níos coitianta le blianta beaga anuas.

I measc aidhmeanna agus chuspóirí an

Bhiúró tá a chinntiú nach mbaineann iad siúd atá fostaithe i gcoireacht thromchúiseach eagraithe aon sochar ón gcoir sin.

I gcásanna ina léirítear gurb ionann an mhaoín agus fáltas ó iompar coiriúil, áirítear leis an bhforáil reachtúil inar féidir an sochar sin a dhiúltú ar an duine aonair nó a bhaint ón duine aonair a bhaineann sult as sochar na bhfáltas sin, gur cheart dó/di a bheith dídhílsithe den mhaoín.

Meon is ea seo a d'fhormhuinigh an Chúirt Uachtarach in 2012 i gcás An CAB -v- John Kelly agus TT [2012] IESC 64.

Lean an Biúró, in 2013, le dul sa tóir ar mhaoín in ainneoin na caoi, i roinnt cásanna, gur bhain cothromas diúltach leis an maoín. Tá seo in ainm is a chinntiú nach gcuirtear iad siúd atá bainteach i gcoireacht thromchúiseach eagraithe sa staid a chuirfeadh faoi mhíbhuntáiste iad trí bheith in ann fanacht sa mhaoín agus sochar a bhaint ó fháltais na coireachta.

Feithiclí

Leanann an Biúró le leas iad siúd a thabhairt faoi deara atá bainteach i gcoireacht thromchúiseach eagraithe i ngluaisteáin ardluacha.

Áiríodh le saghas na bhfeithiclí a urghabháil an Biúró faoi Alt 2(1) den Acht Fóc i rith na bliana 2013:

1. Range Rover; agus
2. Toyota Avensis.

Alt 4 agus Alt 4A

Forálann Alt 4 d'aistriú maoine chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tagraíonn an tAlt seo do shócmhainní, a measadh arb iad fáltas ó iompar coiriúil, ar feadh tréimhse nach lú ná seacht mbliana, agus nach ndearnadh aon éileamh bailí orthu faoi Alt 3(3) den Acht Fóc.

Ceadaíonn Alt 4A go ndéanfaidh an Freagróir ordú um dhiúscairt toilithe i gcás an CAB, a ligeann don mhaoín a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtréimhse níos giorra ná seacht mbliana.

Críochnaíodh seacht gcás agus tugadh chun deiridh iad faoi Alt 4 agus 4A in 2013.

I rith na bliana 2013, aistríodh €1,038,680.52 ar an iomlán chuig an Aire faoin Acht Fóc a eascraíonn ó dhiúscairt Alt 4 agus 4A.

Alt 6

Forálann Alt 6 d'ordú a dhéanamh ag an gcúirt i rith na tréimhse fad atá ordú Alt 2(1) nó 3(1) i bhfeidhm chun an t-ordú a éagsúlú ar mhaithe le ligean don Fhreagróir nó d'aon pháirtí eile:

1. chun costais réasúnta mhaireachtála nó riachtanacha eile a dhíscríobh; nó
2. tabhairt faoi ghnólacht, trádáil, ceird nó gairm eile maidir leis an maoín.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 agus 2005

I rith 2013, rinneadh dhá ordú den sórt sin a rinne difear do thrí shócmhainn éagsúla i dtrí chás éagsúla a bhain le naonúr Freagróirí éagsúla ar luach iomlán €178,187.94.

Cuirtear seo i gcomparáid le 2012 nuair a rinneadh cúig ordú den sórt sin a rinne difear d'ocht sócmhainn éagsúla i gcúig chás éagsúla a bhain le fiche Freagróir éagsúil ar luach iomlán €372,195.42.

Alt 7

Forálann Alt 7 do Ghlacadóir a cheapadh, ag an gCúirt, a n-áirítear lena d(h)ualgaís cibé acu luach na maoine a chaomhnú nó maoin a dhiúscairt atá reoite cheana féin faoi Orduithe Alt 2 nó 3.

In 2013, fuair an Biúró orduithe glacadóireachta maidir le tríocha a cúig sócmhainn. I ngach cás, ba é Oifigeach Dlí an Bhiúró an Glacadóir a cheap an chúirt. Bhí maoin, airgead tirim, airgead i gcuntais bhainc, mótarfheithiclí agus uaireadóir i gceist leis na cásanna seo. I roinnt cásanna glacadóireachta, rinne an Ard-Chúirt orduithe le haghaidh seilbhe agus díola ag an nGlacadóir. Ní féidir orduithe a dhéanamh mura bhfuil ordú Alt 2 nó Alt 3 i bhfeidhm cheana féin.

Agus sócmhainní a ndiúscairt faoi Alt 7, tá dualgas ar an bhFaighiteoir chun an dea-chleachtas atá ar fáil go réasúnta a fháil. Ina leith seo, ghlac an Biúró le cur chuige nua trí uaireadóir Rolex a dhíol ar láithreán gréasáin ceantála ar an idirlíon. Chruthaigh seo mórmhéid poiblíochta agus leag sé béim ar aird an phobail ar dhiúscairt phoiblí fáлтаis ó choireacht.

Ráiteas na gCuntas Glacadóireachta

	Amount €	STG£	US\$
larmhéid tosaigh na gcuntas glacadóireachta an 01/01/2013	4,720,068.77	290,100.24	647,732.90
Suimeanna arna réadú, ús agus réamhíocaíochtaí oibríochtúla san áireamh	1,522,931.03	123.33	1,493.83
Íocaíochtaí amach, íocaíochtaí leis an Státchiste agus caiteachas oibríochtúil glacadóireachta san áireamh	1,171,007.04	6,649.65	0.00
larmhéid deiridh na gcuntas glacadóireachta an 31/12/2013	5,071,992.76	283,573.92	649,226.73

Cuid a Trí
Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht, 1996 agus 2005

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon turas]

Cuid a Ceathair

Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Is é ról Oifigigh Ioncaim an Bhiúró atá bainteach leis an mBiúró chun tabhairt faoi dhualgais i gcomhréir le gach Acht agus Rialacháin Ioncaim lena chinntiú go mbíonn fáiltais na coireachta nó na coireachta amhrasta, faoi réir cánach. Is éard atá i gceist leis seo ná an fhaisnéis uile atá ar fáil ó na gníomhaireachtaí atá sa Bhiúró agus ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a bhailiú. Is í an bhunreachtáíocht a úsáidtear maidir leis seo ná an tAcht um Nochtadh Faisnéise chun Críocha Cánach agus Críocha Eile, 1996.

Feidhmeanna Cánach

Seo a leanas nuashonrú ar na cásanna cánach a tosaíodh roimh 2013 agus sonraí, chomh maith, ar stádas reatha na gcásanna a tosaíodh i rith 2013.

Measúnuithe Cánach

Tá na cumhachtaí ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró chun measúnuithe a dhéanamh chun cáin a ghearradh faoi Alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (dá dtagraítear feasta mar an ACC, 1997) – an mhír a phléann le gearradh.

Mar chuid d'aon imscrúdú de chuid an Bhiúró, imscrúdóidh Oifigeach Ioncaim an Bhiúró staid chánach iad siúd uile atá nasctha leis an imscrúdú sin d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a ndliteanas cánach, sa chás cuí. D'fhéadfadh imscrúduithe a bheith éagsúil i dtaobh méide agus castachta de.

I rith 2013, measúnaíodh naoi nduine/n-aonán déag ar an iomlán i leith cánach agus d'eascair figiúr iomlán €9.019

milliún de cháin ar a ndearnadh measúnú as seo.

Achomhairc Chánach

Bainistíonn Oifigigh Ioncaim an Bhiúró achomhairc chánach, chomh maith, a chinntíonn go gcuirtear an próiseas achomhairc i bhfeidhm go hiomlán i gcomhlíonadh na nAchtanna Ioncaim agus na Nósanna Imeachta agus na Rialachán atá infheidhme sna cásanna siúd. Baineann seo le gach foirm d'achomharc dá bhforáiltear, lena n-áirítear achomhairc os comhair Coimisinéir Achomhairc, an Chúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt tríd an gcás a luadh.

I gcomhréir le hAlt 933(1)(a) den ACC, 1997, beidh duine aonair a measúnaíodh i leith cánach, faoi réir ceanglais shonracha, i dteideal achomharc a dhéanamh leis an gCoimisinéir Achomhairc maidir leis an measúnú sin.

Sa chás nach ndéantar achomhairc a ghairm i gceart, diúltófar an t-iarratas ar an achomharc sin i gcomhréir le hAlt 933(1)(b) den ACC, 1997. Sa chás gur diúltaíodh iarratas, féadfaidh an t-achomharcóir an diúltú seo a achomharc leis na Coimisinéirí Achomhairc i gcomhréir le hAlt 933(1)(c) den ACC, 1997.

I rith 2013, diúltaíodh iarratas ar achomharc leis an gCoimisinéir Achomhairc i leith measúnuithe ar cháin ioncaim maidir le beirt daoine.

Cuid a Ceathair
Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Cás 1: Diúltaíodh an t-achomharc faoi Alt 933(1)(b) den ACC, 1997. ar an mbunús nár íocadh an cháin de bhun fhorálacha Alt 957(2)(a)(II) den ACC.

Rinneadh diúltú an Chigire a achomharc i gcomhréir le hAlt 933(1)(c). D'éist an Coimisinéir Achomhairc leis an achomharc seo agus seasadh le bunchinneadh an Chigire chun an t-achomharc a dhiúltú.

Faoi fhorálacha Alt 933(7)(a) den ACC, 1997, lorg an t-achomharcóir go nglacfaí le hachomharc déanach. Mar gheall nár sásaíodh forálacha an ailt, diúltaíodh an t-iarratas. Rinneadh an diúltú seo a achomharc leis an gCoimisinéir Achomhairc. Amhail an 31 Nollaig 2013, bhíodhas ag feitheamh le dáta don éisteacht.

Cás 2: Níor íocadh an cháin de bhun fhorálacha Alt 957(2)(a)(II) den ACC, 1997. Diúltaíodh an t-achomharc i gcomhréir le hAlt 933(1)(b) den ACC, 1997.

Ag tús na bliana, bhí achomhairc maidir le seachtar daoine aonair ar feitheamh os comhair an Choimisinéara Achomhairc, agus d'éist an Coimisinéir le dhá cheann díobh i rith 2013.

Cás 3: Mar gheall nár fhreastail an t-achomharcóir agus nach ndearnadh ionadaíocht don achomharcóir ag éisteacht an achomhairc, dheimhnigh an Coimisinéir na measúnuithe.

Cás 4: Sa chás seo, thug an t-achomharcóir fianaise a thacaigh lena achomharc. Ar chroscheistiú an achomharcóra, tháinig easnaimh shuntasacha chun solais idir an t-ioncam a dearbhaíodh agus an t-ioncam a measúnaíodh. Dheimhnigh an Coimisinéir na measúnuithe. D'fheidhmigh an t-achomharcóir a cheart, ina dhiaidh sin, faoi Alt 9429(a) den ACC, 1997 agus rinne sé iarratas go n-athéistfeadh breitheamh den Chúirt Chuarda lena achomharc. Amhail an 31 Nollaig 2013, bhíodhas ag feitheamh le dáta don éisteacht.

Amhail an 31 Nollaig 2013, bhíodhas ag feitheamh le dáta éisteachta maidir leis na cúig achomharc eile.

I rith 2013, rinneadh achomhairc maidir le cúig dhuine/aonán (trí chás cánach, dhá chás máil) a ghairm i gceart. Rinne duine de na hachomharcóirí seo a achomharc a aistarraingt ina dhiaidh sin, agus amhail an 31 Nollaig 2013, bhíodhas ag feitheamh le dáta éisteachta do na ceithre achomharc eile.

Bailiú

Tá na cumhachtaí ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró chun gach gníomh riachtanach a ghlacadh ar mhaithe le dliteanais chánach a bhailiú amhail a measúnaítear iad agus a ndearnadh dliteanais deiridh agus chonclúideacha díobh. Tá cumhachtaí an Ard-Bhailitheora ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró agus rachaidh siad sa tóir ar fhiachais chánach ar gach bealach atá ar fáil dóibh. I measc na modhanna bailithe tá:

- éilimh a eisiúint – Alt 961 den ACC, 1997;
- cumhacht astaithe – Alt 1002 den ACC, 1997;
- Gníomh sirriam - Alt 960(L) den ACC, 1997; agus
- Imeachtaí Ard-Chúirte – Alt 960(I) den ACC, 1997.

Éilimh

I rith 2013, b'ionann éilimh chánach (ús san áireamh) a seirbheáladh i gcomhréir le hAlt 961 den ACC, 1997 maidir le dhá dhuine dhéag agus €13.865 milliún.

B'ionann an cháin a d'aisghabháil an Biúró i rith 2013 agus €5.322 milliún ó thríocha a hocht duine/aonán. Áirítear leis an bhfigiúr seo €3.469 milliún a bailíodh trí astuithe a úsáid de bhun Alt 1002 den ACC, 1997 i gcúig chás.

Cuireadh tús le himeachtaí Ard-Chúirte chun cáin agus ús de shuim €14.166 milliún a aisghabháil in dhá chás déag.

Feidhmeanna Custaim agus Máil

Tacaíonn na feidhmeanna Custaim agus Máil (C agus M) sa Bhiúró le gach imscrúdú d'fhonn aon saincheistean a shainaithint a bhaineann le Custam agus fairsinge na reachtaíochta, rialacha, rialachán, eolais agus/nó faisnéise a bhaineann le C agus M a chur i bhfeidhm ar an mbealach cuí.

Go traidisiúnta, déanann grúpaí coireachta tromchúisí agus eagraithe i nach mór gach dlínse iarracht chun rialacháin chustaim agus rialacháin mháil a shárú d'fhonn brabúis shuntasacha a dhéanamh agus cistí an státchiste a laghdú, i gcomhthráth, agus tionchar diúltach a imirt ar an tsochaí go ginearálta.

Níl an cás in Éirinn chomh héagsúil céanna agus sholáthair láithreach teorann le dlínse eile, áit a bhfuil rátaí cánach ar tháirgí éagsúla difriúil, spreagadh do dhronganna coireachta tromchúisí agus eagraithe tabhairt faoi smuigléireacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara. Eascróidh cailteanas suntasach don státchiste as na gníomhaíochtaí seo agus soláthróidh siad gnóthachain mhóra do na dronganna coireachta siúd i gcomhthráth.

Mar shampla, fianaise iad trádáil neamhdhleathach in olaí mianraí, lena n-áirítear sciúradh táirgí marcáilte agus an treocht atá ag teacht chun cinn ina ndíoltar díosal trí stáisiúin líonta, i leith an iompair choiriúil sin. Ghlac an Biúró ról gníomhach in athbhreithniú, deonú, agus diúltú ceadúnas maidir le díol olaí

Cuid a Ceathair

Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

mianraí. Mharcáil diúltú na gceadúnas seo i rith tionscnamh breise chun cur isteach ar an ngníomhaíocht coiriúil seo.

Teastaíonn comhoibriú i measc na n-údarás inniúil ar an dá thaobh den teorainn ón gcomhrac i leith dronganna coireachta eagraithe. Cuimsíonn an comhoibriú sin ní hamháin faisnéis agus eolas a roinnt, ach freisin comhoibríochtaí a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar ardán idirnáisiúnta ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach.

Sna cásanna sin, is féidir na huirlisí comhchabhrach uile, bíodh siad i bhfoirm custam-custam agus/nó póilíní-póilíní a athúsáid agus déantar amhlaidh.

Feabhsaíonn comhoibriú agus roinnt faisnéise/eolais idir an Biúró agus Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim, agus seirbhísí custaim eile go hidirnáisiúnta, éifeachtacht an ghnímh dhíspreagtha i leith smuigléirí.

Déantar breis scagtha ar an gcomhoibriú sin agus ar thoise idirnáisiúnta ghníomhaíochtaí an Bhiúró i gCaibidil 6 den tuarascáil seo.

Sa dlínse seo, d'éirigh leis an mBiúró sprioc a dhéanamh leis na dronganna coiriúla sin agus leanann siad le hamhlaidh a dhéanamh.

Leanann Custam agus Mál ar bhonn leanúnach le teacht i dtír ar aon athruithe reachtaíochta sa chomhrac i leith iompar coiriúil eagraithe.

Chuige seo, chruthaigh athruithe reachtaíochta a rinneadh le déanaí ar an Acht Airgeadais, 2001 (a dhéileálann le comhdhlúthú agus nuachóiriú an dlí ghinearálta máil), a fhorálann do mheasúnuithe ar Dhleacht Máil a dhéanamh nach raibh ina rogha go dtí sin, tairbhe.

I rith 2013, rinne an Biúró measúnuithe ar Dhleacht Máil ar fiú €16.513 milliún iad agus leas á bhaint as na cumhachtaí seo. Rinneadh na measúnuithe seo i leith mórchoirpeach a raibh baint acu i leithdháileadh agus díol breosla smuigleáilte/sciúrtha agus sa trádáil neamhcheadaithe i dtoitíní smuigleáilte.

Tapaíonn an fhoireann Chustaim atá ceangailte leis an mBiúró gach deis chun nasc a dhéanamh lena gcomhghleacaithe Custaim sna Coimisinéirí Ioncaim agus oibriú go dlúth leo d'fhonn fáil a bheith acu ar gach deis imscrúdaitheach agus chun úsáid a bhaint as acmhainní uile an Stáit ar an mbealach is éifeachtúla chun dul i ngleic le coirpigh.

Táblaí ioncaim

Toradh na nAchomharc a dhiúltaigh an Biúró

Sainiú	Líon na gCásanna
Achomhairc Thosaigh	0
Achomhairc a diúltaíodh	3
Diúltú a rinneadh a achomharc leis an gCoimisinéir Achomhairc	2
Sheas an Coimisinéir Achomhairc le cinneadh an Bhiúró	1
Achomhairc Dheirdh	1

Toradh na nAchomharc ag Céim an Choimisinéara Achomhairc

Sainiú	Líon na gCásanna
Achomhairc Thosaigh	7
Achomhairc a gaireadh i gceart	5
Achomhairc a dheimhnigh an Coimisinéir Achomhairc	2
Achomhairc a aistarraingíodh	1
Achomhairc Dheirdh	9

Toradh Achomhairc na Cúirte Cuarda

Sainiú	Líon na gCásanna
Achomhairc Thosaigh	0
Achomhairc déanta leis an gCúirt Cuarda	1
Achomhairc a dheimhnigh an Chúirt Cuarda	0
Achomhairc a aistarraingíodh	0
Achomhairc Dheirdh	1

Cuid a Ceathair
Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Measúnuithe Cánach

Muirear Seasta Cánach	Cáin €M	Ús €M	Líon na measúnuithe
Cáin Ioncaim	9.019	19	126
Mál	16.513	3	3
Iomláin	25.53	22	129

Cáin agus Ús a éilíodh

Muirear Seasta Cánach	Cáin €M	Ús €M	Iomláin €M	Líon na gCásanna
Cáin Ioncaim	8.060	5.805	13.865	12
Mál	11.294	1.303	12.597	1
Iomláin	19.354	7.108	26.462	13

Cáin agus Ús a bailíodh

Muirear Seasta Cánach	Méid €	Líon na gCásanna
Cáin Ioncaim	5,285,000	34
Cáin Bhreisluacha	29,000	3
ÍMAT/ÁSPC	9,000	2
Mál	80,000	1
CCF	15,000	1
Iomláin	5,418,000	41

Cuid a Cúig

Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

Glacann an Biúró gníomh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, de bhun a bhfeidhmeanna amhail atá siad leagtha amach in Alt 5 den Acht. Imscrúdaíonn agus deimhníonn Oifigigh Leasa Shóisialaigh an teidlíocht d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Ag eascairt ó imscrúduithe ag Oifigigh an Bhiúró, glacadh gníomhartha de bhun shainchúram Leasa Shóisialaigh an Bhiúró i leith aon chéad agus a dó duine.

Coigiltí

Mar thoradh díreach ar imscrúduithe faoinar thug Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúró in 2013, cuireadh deireadh le híocaíochtaí roinnt daoine nó laghdaíodh iad. D'eascair coigilt iomlán €497,403 ar an stáitchiste as na gníomhartha seo. Baineadh amach na teidil a leanas faoinar baineadh na coigiltí éagsúla amach:

Coigiltí Leasa Shóisialaigh

Saghas na scéime	Coigilt €
Liúntas cúramóra	13,872
Sochar linbh	1,105
Liúntas míchumais	186,073
Liúntas cuardaitheora poist	146,957
Íocaíocht teaghlach aontuismitheora	135,637
BASI	13,759
Iomlán	497,403

Soláthraíonn Liúntas Bunúsach Leasa Fhorlíontaigh (dá dtagraítear go minic mar BASI) liúntas bunúsach seachtainiúil do dhaoine incháilithe atá ar bheagán ioncaim nó nach bhfuil aon ioncam acu.

Ba í an bhliain seo an chéad tréimhse ina raibh baint dhíreach ag an mBiúró leis an imscrúdú ar íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Fhorlíontaigh.

Ró-íocaíochtaí

D'eascair sainaithint agus measúnú ar ró-íocaíochtaí i leith daoine aonair as na himscrúduithe faoinar tugadh, chomh maith. Déantar cur síos ar ró-íocaíocht mar íocaíocht a fhaigheann duine aonair thar thréimhse/thréimhsí nach raibh an duine sin i dteideal an t-éileamh a dhéanamh ar ábhar na híocaíochta agus cruthaíonn seo fiachas leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Mar thoradh air sin, eisíodh éilimh i leith na ndaoine seo ar aisíocaíocht na bhfiachas Leasa Shóisialaigh ar a raibh luach éagsúil aonair idir €1,260 agus €216,368. Is iad seo a leanas na méideanna iomlána le haghaidh Ró-íocaíocht Leasa Shóisialaigh a Measúnaíodh agus a Éilíodh in 2013:

Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

Saghas na scéime	Ró-íocaíocht €
Liúntas cúramóra	177,407
Sochar linbh	1,260
Liúntas míchumais	374,182
Liúntas cuardaitheora poist	1,200,000
Íocaíocht teaghlach aontuismitheora	138,004
Pinsean na nDall	124,399
Iomlán	2,015,252

Aisghabháil

Úsáideann an Biúró líon bealaí ina n-aisghabhtar fiachais Leasa Shóisialaigh ó dhaoine aonair.

I measc na modhanna, tá íocaíochtaí trí chnapshuim agus/nó buanordú tráthchoda. Is féidir asbhaintí a mhéid le 15% d'íocaíochtaí reatha leasa shóisialaigh dhuine a dhéanamh chun fiachais a aisghabháil. Seo foráil nua chun fiachas a aisghabháil agus d'achtaigh Alt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2012 é.

Cuid a Cúig

Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

Bhí baint lárnach ag an mBiúró i dtabhairt isteach breis cumhachtaí chun fiachais leasa shóisialaigh a aisghabháil trí imeachtaí um Fhógra Astuithe. Foráiltear don chumhacht nua reachtaíochta seo in Alt 15 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013.

Leasa Sóisialach a Aisghabhadh

Saghas na scéime	Aisghafa €
Liúntas cúramóra	63,120
Liúntas míchumais	42,461
Liúntas cuardaitheora poist	86,234
Íocaíocht teaghlach aontuismitheora	88,030
Pinsean Stáit (seanaois)	5,928
Pinsean Easláinte	1,607
Iomlán	287,380

Achomhairc

Tá gníomhaireacht neamhspleách ann, an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh, a bhfuil Príomhoifigeach Achomhairc ina cheannas uirthi. Soláthraíonn seo seirbhís achomhairc do dhaoine nach bhfuil sásta le cinntí a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí ar cheisteanna a bhaineann lena dteidlíocht i leith íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

In 2013, b'ann do shé achomharc i leith cinntí a rinne Oifigigh Chinntithigh a bhain leis an mBiúró. Dheimhnigh an Príomhoifigeach Achomhairc nárbh leor an gnáthnós imeachta achomhairc chun próiseáil éifeachtach na n-achomharc seo a chinntiú agus threoraigh sé go seolann na hachomharcóirí a n-achomhairc chuig an gCúirt Chuarda.

Go dtí seo, as na sé achomharc, chuir ceathrar a n-achomhairc faoi bhráid na Cúirte Cuarda Sibhialta go foirmiúil. Tá na ceithre chás uile ar feitheamh dátaí éisteachta.

I gcaitheamh 2013, d'éist an Chúirt Chuarda le hachomharc amháin a tugadh anonn ón mbliain roimhe sin. Dhearbhaigh an Chúirt Chuarda cinneadh an Oifigigh Chinntithigh sa chás sin.


Aistarraingíodh dhá achomharc bhreise, a tugadh anonn ó 2012, chomh maith.

Amhail an 31 Nollaig 2013, tá dhá achomharc ann ó bhlianta roimhe seo os comhair na Cúirte Cuarda ar feitheamh cinntiúcháin.

Foireann

Fuair an Biúró Oifigeach Leasa Shóisialaigh an Bhiúró amháin breise in 2013, a mhéadaigh líon iomlán na foirne Leasa Shóisialaigh sa Bhiúró go dtí seisear.

Léaráid: Scéim Achomharc



Cuid a Cúig
Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon turas]

Cuid a Sé

Ionchúisimh choiriúla a eascraíonn ó imscrúduithe an Bhiúró

Réamhrá

Ag eascairt ó imscrúduithe faoinar thug an Biúró, de bhun a sainchúraim reachtúil, deimhníodh go raibh fianaise ann i leith sárúithe amhrasta ar chionta coiriúla agus, mar thoradh air sin, gabhadh roinnt daoine agus réitíodh comhaid a lorg treoruithe an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (dá dtagraítear feasta mar 'an DPP') agus lean roinnt ionchúisimh choiriúla.

Réitíodh líon cásanna ó bhlianta roimhe sin i rith 2013 agus cuireadh tús le líon gníomhartha nua, ar aon chuma le blianta eile.

Seo a leanas nuashonrú ar na cásanna a tosaíodh roimh 2013 agus sonraí, chomh maith, ar stádas reatha na n-ionchúiseamh coiriúil a tosaíodh i rith 2012.

Bhí na cionta amhrasta a sainaithníodh i gcoinne na nAlt faoi na hAchtanna a leanas:

- An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997;
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001;
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoirí), 2010;
- An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2001;
- An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005;
- An tAcht um Chleachtais Éilitheacha Chomhlachtaí Poiblí, 1889;
- An tAcht um Éilliú a Chosc, 1916; agus
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

Cionta a bhaineann le cáin

Cás 1

Leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil 2012 gur gabhadh triúr daoine aonair i gcion i gcoinne Alt 1078 den Acht Fóc, 1997 i rith 2011.

Le linn 2013, ciontaíodh duine aonair amháin tar éis éisteach a cháis agus gearradh pianbhreith dhá mhí dhéag sa phríosún air a cuireadh ar fionraí ar feadh dhá mhí dhéag.

Phléadail an dara duine aonair ciontach sa Chúirt Chuarda Choiriúil agus cuireadh a chás ar athló go dtí 2014 le pianbhreith a ghearradh.

Deimhníodh go raibh an tríú duine aonair ciontach tar éis éisteacht iomlán an cháis sa Chúirt Chuarda agus gearradh pianbhreith ocht mí dhéag sa phríosún air a cuireadh ar fionraí agus gearradh fineáil €10,000 air.

Cuid a Sé

Ionchúisimh choiriúla a eascraíonn ó imscrúduithe an Bhiúró

Cás 2

Amhail a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2012, cuireadh comhad faoi bhráid an DPP maidir le duine aonair amháin i dtaobh cionta amhrasta i gcoinne Alt 1078 den Acht FóC, 1997.

Éisteadh leis an Athbhreithniú Breithiúnach in 2012 agus d'eisigh an Chúirt Uachtarach a mbreithiúnas i rith 2013 agus rinne siad breithniú i gcoinne an chosantóra. Tá an cás anois liostaithe lena éisteacht sa Chúirt Choiriúil Speisialta in 2015.

I rith 2013, fuarthas treorú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun an duine aonair a chúiseamh in dhá chion. Cuireadh an cás ar athló go dtí 2014 agus tá sé os comhair na Cúirte Cuarda Coiriúla faoi láthair.

Cás 3

Amhail a dtugtar breac-chuntas air i dTuarascáil Bhliantúil, theip ar dhuine aonair amháin a cúisíodh in 2011 i gcion i gcoinne Alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánacha teacht i láthair sa chúirt agus eisíodh barántas dá ghabháil. Amhail ó 2013, tá sé fós i measc an phobail agus tá sé á long maidir leis an gceist.

Cúisíodh an duine aonair céanna, chomh maith, i gcion i gcoinne Alt 13 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996-2005 a bhaineann le himeaglá a chur ar Oifigeach an Bhiúró. Theip air, chomh maith, teacht i láthair i gcúirt maidir lena chúiseamh sa Chúirt Chuarda agus eisíodh an dara barántas dá ghabháil.

Cás 4

Tá an Biúró fós ag leanúint le cás amháin ó 2007 a bhaineann le duine aonair atá cúisithe i gcion i gcoinne Alt 1078 den Acht FóC, 1997 a bhí faoi réir Athbhreithniú Breithiúnach.

Cionta a bhaineann le Leas Sóisialach

Cás 5

Tugadh faoi deara i dTuarascáil Bhliantúil 2012 gur cuireadh comhad faoi bhráid an DPP maidir le duine a gabhadh in 2011 mar gheall ar sháruithe amhrasta an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001.

Fuarthas treoruithe ón DPP in 2013 agus cúisíodh duine aonair in 156 cion ar leith faoin Acht um Chionta Gadaíochta agus Calaoise. Athchuireadh an cás go dtí 2014 lena éisteacht.

Bagairtí agus cionta imeaglaithe

Cás 6

Faoi mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2012, athchuireadh duine aonair amháin chun teacht i láthair i gCúirt in 2013 tar éis gur phléadáil sé ciontach i gcion i gcoinne Alt 13 den Acht maidir le himeagla a chur ar Oifigeach an Bhiúró.

Déileáladh leis an gcás in 2013 agus gearradh pianbhreith príosúin trí bliana air agus cuireadh an dá mhí dhéag dheireanach ar fionraí.

Cionta a bhaineann le héilliú

Cás 7

Faoi mar a tugadh faoi deara i dTuarascáil Bhliantúil 2012, cuireadh cásanna cúigear daoine a raibh cúisimh i ndán dóibh nó a rinne cionta i gcoinne Alt 1(2) den Acht um Chleachtais Éillitheacha Chomhlachtaí Poiblí, 1889 arna leasú ag Alt 4(2) den Acht um Chosc ar Éilliú, 1916, ar athló go dtí 2013 lena n-éisteacht.

Éisteadh leis an gcás seo sa Chúirt Chuarda agus d'iontráil an DPP "*nolle prosequi*" le linn na trialacha maidir le gach ceann de na cúisimh mar gheall ar bhreiteacht finné.

Cuid a Sé
Ionchúisimh choiriúla a eascraíonn ó imscrúduithe an Bhiúró



Cuid a Seacht

Breithiúnais Mhóra chúirte i rith 2013

CAB v. Frederick Mallon agus Melanie Hackett

An 28 Meitheamh 2013, Neamhthuairiscithe (ex tempore) (An Ard-Chúirt, Feeney, J)

Fáltais ó choireacht – Ailt 3 agus 7, an tAcht FóC – iarratas déanta ag Príomhoifigeach an Bhiúró – lánúin cholscartha – airgead i gcuntas Éireannach éilithe ag an mbean chéile gur léi é mar chuid de shocrú colscartha – líomhnaigh an fear céile i ndiaidh an cholscartha gurbh ionann an t-airgead sa chuntas agus fáltais ó choireacht.

Bhain an cheist le cuntas bainc ina raibh suim airgid STG£120,012.78 á coimeád. D'éiligh an dara Freagróir ainmnithe an t-airgead seo. Bhí an chéad agus an dara Freagróir ainmnithe pósta agus d'éiligh an bhean chéile an t-airgead mar chuid de shocrú colscartha.

Bhí cás neamhghnách roimh an gcúirt inar thug an duine a líomhnaíodh a chruthaigh sé na sócmhainní coiriúla fianaise ó bhéal agus fianaise ar mhionnscribhinn gur chruthaigh sé féin na sócmhainní uile ó ghníomhaíocht choiriúil agus gur leag sé iad sa chuntas d'fhonn nach mbraithfí é. Rinne fórsa Póilíneachta Dheisceart na Breataine Bige an fhianaise seo a chomhthacú.

Thug an chúirt a mbreithiúnas, tar éis dóibh fianaise a chloisteáil lenar áiríodh teistiméireacht ó Frederick Mallon agus Melanie Hackett: "Bhí fianaise an Uasail Mallon soiléir agus díreach. Ba iad fáltais

a ghníomhaíochta coiriúla na cistí uile a cuireadh i dtaisce sa chuntas atá i gceist.

Chuimsigh an ghníomhaíocht sin go leor coireanna éagsúla a bhí dírithe ar mhótarfheithiclí agus áiríodh leo goid, páirteanna a bhaint de ghluaisteáin a goideadh lena n-athdhíol, goid in Éirinn agus sa RA agus úsáid gluaisteán ar mhaithe le héilimh chalaoiseacha árachais a dhéanamh agus falsú taifead maidir le gluaisteáin. Nuair a cuardaíodh a theach agus a áitreabh, aimsíodh earraí, ábhar, lena n-áirítear gluaisteáin dhóite, ar aon dul le fianaise an Uasail Mallon.

Níor dearbhaíodh aon chinn de na cistí a cuireadh i dtaisce sa chuntas do na Coimisinéirí loncaim sa Ríocht Aontaithe nó sa dlínse seo agus cuireadh i dtaisce iad ar an mbealach sin a thabharfadh le fios go raibh sé de mhian aige na cistí a choimeád faoi cheilt agus neamhaitheanta. Níl an cur síos éagsúil a rinne an Fhreagróir maidir le foinse na gcistí ar aon dul le fianaise an Uasail Mallon agus ní bheadh a cur síos inchreidte ach dá mbeinnse, a) sásta go raibh cur síos an Uasail Mallon ar fhoinsé na gcistí bréagach, agus b) go raibh cur síos Melanie Hackett (is é sin ainm an Uasail Mallon tar éis colscartha di), fíor, is é sin, cur síos an Fhreagróra, ar na cistí a bhí á dtuilleamh ag an Uasal Mallon. Ní dóigh liom é, mar gheall go gcreidim an tUasal Mallon nuair a deir sé nár thuill sé an t-airgead sin óna ghnólacht gléasra ar cíos agus ní thacaíonn an fhianaise dhoiciméadach leis an gcur síos sin, agus go deimhin, bhí cumas an Fhreagróra a bheith eolach ar fhoinsé na gcistí, de réir a fianaise féin, teoranta.

Ní féidir liom aon bhunús a shainathint,

Cuid a Seacht Breithiúnais Mhóra chúirte i rith 2013

ar an ábhar sin, a cheadódh an Freagróir chun é go léir nó aon chuid de a choimeád.

Má comhaontaíodh a hidirscaradh agus a colscaradh ar bhunús bréagach, ceist í sinn atá le réiteach aici féin agus a hiarfhear chéile."

Rinne an chúirt ordú faoi Alt 3 maidir leis an gcuntas bainc agus cheap siad Glacadóir faoi Alt 7 gan ordú ar bith maidir leis na costais.

Tá cinneadh na hArd-Chúirte á achomharc ag Melanie Hackett faoi láthair leis an gCúirt Uachtarach.

Na Príomhchásanna a Luadh

- McK v. GWD [2004] 2 IR 470
- PD -v- AF & Ors (an 6 Iúil 2012)
- Murphy -v GM [2001] 4 IR 113

CAB v. B & Daoine Eile

[2013] IEHC 302 (an Ard-Chúirt, Cross J, an 30 Iúil 2013)

Baineadh ordú Alt 2 maidir le sócmhainní a rinne difear don 21ú Freagróir leis an gcás.

Fáltais ó choireacht – nós imeachta – Ordú – Ex parte – Díscaoileadh – Dualgas cruthúnais – Alt 2 – Fianaise – Sciúradh

Airgid – Sciúradh Breosla

Lorg agus fuair an Biúró ordú de bhun Alt 2 maidir le sócmhainní, lena n-áirítear cuntas bainc an 21ú Freagróir ainmnithe.

Tá dualgas ar dhlíthí a dhéanann iarratas ex parte ar ordú dualgais faoi chúinsí arb ionann iad agus sárú bunúsach ar phrionsabail an nós imeachta chóir nochtadh iomlán agus ionraic a dhéanamh i leith gach ceiste ábhartha a bhfuil sé eolach orthu chun an breitheamh a chur ar an eolas fúthu agus iad siúd a bhaineann le hábhar i bhfeidhmiú lánrogha an Bhreithimh.

Mura gcomhlíonann an gearánaí dualgas an nochta, discaoilfidh cúirt an t-ordú ex parte agus féadfaidh siad aon fhaoisimh inter partes bhreise a dhiúltú cé go dtabharfadh na cúinsí údar le deonú an fhaoisimh sin.

Bhain an choiriúlacht as ar eascair an díospóid le scéim ilchasta chalaoiseach maidir le díosal marcáilte a thrasfhoirmiú (díosal talmhaíochta atá faoi dhliteanas cáin níos ísle ola, mál níos ísle, agus rátaí níos ísle CBL) agus le peitreal a shíneadh trí ábhair bhreise a chur ann.

Chuir an 21ú Freagróir i gcoinne an ordaithe ex parte faoi Alt 2 a dhéanamh ar an mbunús gur theip ar an mBiúró gach fíric ábhartha a nochtadh don chúirte nuair a bhí an t-iarratas faoi Alt 2 á dhéanamh.

Mhaígh an chúirt:

"Measaimse go ndearnadh an t-iarratas faoi a. 2 i leith na bhFreagróirí seo ar bhunús sciúradh breosla, seachas ar sciúradh airgid agus ina leith sin, níor comhlíonadh na dualgais nochta sa mhéid gur teipeadh ar bhreithmheas a thabhairt don chúirt maidir leis na míniúcháin a tugadh agus thar ceann an [21ú] Freagróra agus, mar gheall air sin, bhí gach ceann dá n-idirbhearta ina n-idirbhearta dlisteanacha tráchtála ar

thacaigh páipéarachas leo ó chuideachtaí dlisteanacha a d'fhéadfaí a sheiceáil agus níl aon líomhaintí maidir le sciúradh breosla á ndéanamh ag an mBiúró anois, dar ndóigh, i leith na bhFreagróirí seo.

Measaimse, fiú dá mbeadh cás maidir le sciúradh airgid á dhéanamh i leith na bhFreagróirí, ba cheart go mbeadh an chúirt curtha ar an eolas ar an bhfíric seo i bhfriotal soiléir.

I ndiaidh roinnt dóbartaíola, bhain mé an chonclúid amach, in ainneoin na féidearthachta go bhféadfadh go mbeadh an rath ar iarratas faoi a.2 a líomhnódh sciúradh airgid, dá gcuirfí na fíricí uile os comhair na cúirte, ní féidir liom an tuairimíocht a dhéanamh nó iarratas iomlán nua a dhéanamh thar ceann an Bhiúró.

Dá réir sin, deonaím an t-iarratas chun an t-ordú faoi a. 2 a ardú sa mhéid go ndéanann sé difear don 21ú Freagróir ainmnithe."

Tá cinneadh na hArd-Chúirte á achomharc faoi láthair ag an mBiúró leis an gCúirt Uachtarach.

Na Príomhchásanna a Luadh

- Michael Bambrick -v- Johanne Corbley [2005] IEHC 43
- FMcK agus DCST -v- BH Ltd [2006] IEHC 185
- Tate Access Floors Inc -v- Boswell [1990] 3 All ER 303

John Gilligan agus Daoine Eile v. an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, Éire agus an tArd-Aighne

[2012] IEHC 609 (an Ard-Chúirt, Birmingham J, an 20 Nollaig 2013)

Rinne an Ard-Chúirt imeachtaí ar chuir John Gilligan, Geraldine Gilligan, Tracey Gilligan agus Darren Gilligan tús leo i leith an Bhiúró, na hÉireann agus an Ard-Aighne a dhíbhe.

Fáltais ó choireacht – iarratas an Bhiúró ar dhíbhe – mainneachtain pléadálacha – ráiteas an éilimh – cúis chaingne ar bith – mí-úsáid a bhaint as an bpróiseas – moill – lis pendens

Lorg na gearánaithe ordú dearbhaithe nach raibh an t-ordú a fuair an Biúró de bhun Alt 3 den Acht Fóc neamhbhunreachtúil agus dá réir sin, is amhlaidh a bhí an t-ordú forghéillte faoi Alt 4. Lorgaíodh damáistí mar gheall gur teipeadh cearta bunreachtúla an ghearánaí agus cearta a chosaint atá á gcosaint ag Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Theip ar na gearánaithe Ráiteas Éilimh a sheachadadh agus sheachaid siad "Ráiteas Forais" ina ionad sin. B'éagsúil stíl agus leagan amach ná sin a mbeifí ag súil leis ach chuir sé le formhuiniú an éilimh.

Thug an chúirt faoi deara, nach bhféadfaí machnamh a dhéanamh leis na himeachtaí a dhíbhe, ar an

Cuid a Seacht Breithiúnais Mhóra chúirte i rith 2013

ngnáthbhealach, mar gheall ar mhoill roinnt seachtainí le pléadail a sholáthar, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh gur bhain an gearánaí go leor amach maidir le Ráiteas Éilimh a sholáthar trí “ráiteas forais” a sholáthar. Ní mór caitheamh leis an iarratas i gcomhthéacs níos fairsinge, áfach.

Ba é an cúlra níos fairsinge ná gur tosaíodh na himeachtaí an 21 Samhain 1996 ag Priomhoifigeach an Bhiúró um an dtaca sin agus gur eascair go ndearnadh ordú an 16 Iúil 1997 ag an Ard-Chúirt de bhun Alt 3 den Acht FóC. Chuir na gearánaí in aghaidh an ordaithe seo ar bhonn aonair agus le chéile agus rinne an Chúirt Uachtarach machnamh air seo, ach rinne siad líon mór de na hiarratais sin a dhíbhe.

Chuir na gearánaithe in aghaidh an ordaithe seo faoi Alt 3 de bhun Alt 3(3) den Acht FóC. An 20 Nollaig 2011, sholáthair an Ard-Chúirt breithiúnas tar éis éisteacht Alt 4. Tá iad siúd faoi réir achomharc, faoi láthair, os comhair na Cúirte Uachtaraí.

Mhaígh an Biúró go ndearnadh na saincheisteanna a thug an toghairm iomlánach láithreach a réiteach cheana féin nó gur cheart go réiteofaí iad cheana féin nó go bhfuil siad á réiteach sna hachomhairc atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Uachtaraí.

Bhí sé ina chonclúid ag an gCúirt:

"... Tá orm an chonclúid a bhaint amach gurb ionann na himeachtaí reatha agus mí-úsáid próisis. Go háirithe sa chás go bhfuil na ceisteanna a lorgaítear iad a thabhairt chun solais arís, os comhair na Cúirte Uachtaraí cheana féin, ní hamháin den chéad uair. Níl amhras ar bith orm go dteipeann ar na himeachtaí le haon chúis réasúnta ghníomhaíochta a thabhairt chun solais agus go bhfuil siad cráiteach agus mar dhea, ba cheart iad a dhíbhe, de bhun O.19, r. RSC agus de bhun dhlínse dhúchais na Cúirte.

Sa mhéid go bhféadfaí a thabhairt le tuiscint nár foirmlíodh na saincheisteanna, faoi mar a chuirtear faoinár mbráid anois iad, san fhoirm reatha, mar sin, i mo thuairim, cás clasaiceach atá ann ina bhfuil feidhm ag Henderson v Henderson [1884] 6Q.B. 288.

Tá orm an chonclúid a bhaint amach gur tugadh faoi na himeachtaí reatha mar gheall gur síleadh go raibh sé ina bhuntáiste beartach imeachtaí a eisiúint a d'fhéadfadh tacaíocht a chur ar fáil do chlárúchán lis pendens.

Stair fhadálach agus chasta í stair na n-imeachtaí idir na gearánaithe agus na cosantóirí de réir caighdeáin ar bith. Faoi mar a thugann an Dr Paul McDermott le fios sa chaibidil réamhráiteach le Res Judicata agus Double Jeopardy, bunphrionsabal den dlí comóna is ea an tuairim gur cheart go mbeadh críochnaitheacht éigin leis an dlíthíocht. Tugtar air chomh maith, faoi mar a thugann sé le fios, i nDlí na Róimhe, Dlí Hiondúch, Dlí Treibhe na hAfraice, Dlí

Indiaigh Dhúchasacha Mheiriceá, Dlí Canónach, agus go leor cóid nua-aimseartha shibhialta. Níl amhras ar bith orm go bhfuil na gearánaithe suaite go mór faoin méid a raibh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB) ag iarraidh a bhaint amach. Ní ionad dom ar chor ar bith go ndéanfaidís iarracht cur in aghaidh agus frustrachas a chur ar an CAB ina gcuid dianiarrachtaí. Bheadh súil leis, i gcás inar sainaithníodh pointe mór tábhachta, go beidís ag iarraidh tabhairt faoi agus go mbeadh drogall orthu scaoileadh leis. Tá teorainn ar chomh minic agus ar cé mhéid bealaí éagsúla is féidir an pointe céanna a argóint, áfach. Tá teorainn ar cé chomh fada agus cé chomh minic is féidir aon druma ar bith a bhualadh. Baineadh an teorainn sin amach anois, agus más ea, sáraíodh í, go deimhin féin.

Rinneadh na himeachtaí a dhíbhe mar gheall ar easpa cúis chaingne, agus gur díchuireadh an *lis pendens*.



Rinneadh na costais a dhámhachtain ar an mBiúró.

Tá an cinneadh á achomharc faoi láthair ag muintir Gilligan leis an gCúirt Uachtarach.

Na Príomhchásanna a Luadh

- Damache -v- an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí & agus Daoine Eile [2012] 2 ILRM 153
- Henderson -v- Henderson [1844] 6 QB 288

Cuid a Seacht
Breithiúnais Mhóra chúirte i rith 2013



Cuid a hOcht

Forbairtí Idirnáisiúnta

An Pheirspictíocht Idirnáisiúnta

Mar ghníomhaíocht túsline sa chomhrac i leith coiriúlachta, braitheann cumas an Bhiúró chun tabhairt faoin bhfeidhm seo, mar aon leis an rath a bhí orthu go dtí seo, bunaithe ar a gcur chuige ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach, le tacaíocht ó shraith uathúil prionsabal dlíthiúil. Leanann an Biúró le ról tábhachtach a bheith acu i gcomhthéacs an fhorfheidhmithe dlí ar leibhéal idirnáisiúnta.

An Oifig Aisghabhála Sócmhainní (OAS)

In 2011, ghlac an Coimisiún Eorpach le tuarascáil ar fheidhmiú Oifigí Aisghabhála Sócmhainní (OASanna) a bhunaigh Ballstáit chun coireacht eagraithe a chomhrac. Trí shócmhainní a fuarthas go mídhleathach a shainaithint laistigh dá ndlínse féin agus malairt na faisnéise ábhartha a éascú ar leibhéal Eorpach, cabhraíonn na hoifigí seo le cosc a chur ar choirpigh as brabúis choiriúla a bhaint amach. Is iad an Biúró an OAS ainmnithe le haghaidh na hÉireann.

Grúpaí trasnáisiúnta iad grúpaí coiriúla agus faigheann siad sócmhainní i ndlínsí eile seachas a ndlínse féin. Is é cuspóir OAS chun Ballstáit a éascú ina gcuid iarrachtaí chun sócmhainní coiriúla a shainaithint agus a rianú i mBallstáit eile. Uirlisí tábhachtacha iad na OASanna i mBallstáit san obair sin.

Rinne an Biúró teagmháil ghníomhach le OASanna Ballstát eile chun imscrúduithe a chur chun cinn agus chun cabhrú le

Ballstáit eile lena n-iarratais ar chúnamh.

I gcaitheamh 2013, fuair an Biúró fiche a cúig iarratas ar chúnamh agus sheol siad sé iarratas.

Oibríochtaí Idirnáisiúnta

Ó pheirspictíocht oibríochtúil, leanann an Biúró le baint a bheith acu i líon oibríochtaí idirnáisiúnta. Féadfaidh baint an Bhiúró sna hoibríochtaí siúd bheith éagsúil, ag brath ar chúinsí an cháis. D'fhéadfadh faisnéis leanúnach a sholáthar a bheith i gceist leis le cúnamh a thabhairt le himscrúdú i ndlínse eile. Níos minice, is éard a bheidh i gceist leis ná ról gníomhach a ghlacadh i spriocanna coiriúla agus a sócmhainní a rianú i gcomhar leis gníomhaíochtaí dá samhail i ndlínsí eile.

Europol

Leanann an Biúró a ról a chomhlíonadh mar phríomhghníomhaireacht forfheidhmithe dlí na hÉireann i líon oibríochtaí idirnáisiúnta atá ar siúl faoi láthair atá á mbainistiú ag Europol. Tá na hoibríochtaí seo ag díriú ar ghníomhaíochtaí dronganna coireachta eagraithe nach dtugann aon teorainneacha faoi deara agus a dhéanann iarracht chun teacht i dtír ar na deiseanna a chruthaíonn saoirse ghluaiseachta trasna teorainneacha idirnáisiúnta ina ngníomhaíocht choiriúil nó chun an ghníomhaíocht sin a éascú.

Thuairiscigh Tuarascáil Bhliantúil 2012 ar chomhoibriú idirnáisiúnta líon tíortha Eorpacha maidir le hOibríúchán Oakleaf. Leanann an Biúró ag oibriú go dlúth san oibríúchán seo le Europol agus leis na

Cuid a hOcht Forbairtí Idirnáisiúnta

tíortha Eorpacha.

thoradh air sin.

Interpol

Gníomhaireacht is ea Interpol ina bhfuil ballraíocht eagraíochtaí póilíneachta in aon chéad agus nócha tír ar fud an domhain. Is í príomhfheidhm na gníomhaireachta chun imscrúduithe intíre a éascú a sháraíonn teorainneacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. D'úsáid an Biúró an ghníomhaireacht seo i líon imscrúduithe faoinar tugadh in 2013.

CARIN

In 2002, rinne an Biúró agus Europol comhdháil a chomhóstáil i mBaile ag Óstán Camden Court. Cleachtóirí forfheidhmithe dlí agus breithiúnacha a bhí i measc na rannpháirtithe.

Ba é cuspóir na comhdhála chun moltaí a chur i láthair i dtaca le brabúis na coireachta a shainaithint, a rianú agus a urghabháil. Ar cheann de na moltaí a tháinig chun solais



sna ceardlanna, bhí machnamh a dhéanamh ar líonra neamhfhoirmiúil teagmhálaithe agus grúpa comhoibritheach i limistéar um shainaithint agus aisghabháil sócmhainne coiriúla. Bunaíodh Líonra Idirghníomhaireachta Aisghabhála Sócmhainní Camden (CARIN) mar

Is í aidhm CARIN chun feabhas a chur ar éifeachtacht na n-iarrachtaí chun brabúis neamhcheadaithe a bhaint de choirpigh.

Tharla seoladh oifigiúil Líonra CARIN na ngníomhaireachtaí Aisghabhála Sócmhainní i rith Chomhdháil Bhunaithe CARIN sa Háig, i Meán Fómhair 2004.

Tá rúnaíocht bhuan CARIN bunaithe i gceanncheathrú Europol ag an Háig. Rialaíonn Coiste Stiúrtha naonúr comhaltaí agus Uachtaránacht rothlach an eagraíocht.

I rith 2013, bhí líon Cruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha i mBaile Átha Cliath ar bun ag an mBiúró sa ról a bhí acu mar óstach le hUachtaránacht CARIN. Sa mhullach air sin, chuir an Biúró Cruinniú Ginearálta Bliantúil CARIN ar bun a bhí ar siúl ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath an 16 agus an 17 Bealtaine 2013. D'oscail an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Alan Shatter, T.D., an Chomhdháil. Chruthaigh AGM CARIN cuid de na himeachtaí oifigiúla, chomh maith, a bhí ar siúl i gcomhar le hUachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach sa chéad sé mhí in 2013.

D'fhreastail rannpháirtithe ó gach cearn den domhan ar AGM CARIN agus rinneadh ionadaíocht do líon gníomhaireachtaí eile atá cosúil le CARIN ag an gcruinniú seo chomh maith.

Ba mhian leis an mBiúró buíochas a ghabháil leo siúd uile a bhí bainteach agus a rinne imeacht an-rathúil as an imeacht, tá buíochas tuillte ag foireann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ag na Fórsaí Cosanta a chabhraigh leis an ionad nua a réiteach agus a sholáthar iompar chuig agus ón imeacht.



An Caidreamh leis an Ríocht Aontaithe

Tá caidreamh uathúil ag an mBiúró leis na húdaráis sa RA, nuair a chuirtear san áireamh gurb í an t-aon tír a bhfuil teorainn talún againn leo agus tá forbairt tagtha ar an gcaidreamh idir an dá dhlínse le himeacht na mblianta.

Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann

Tugann an Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann an deis do gach gníomhaireacht forfheidhmithe dlí ón dá thaobh den teorainn chun casadh ar a chéile agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gníomhaíochtaí a tharla le bliain anuas mar aon le pleanáil a dhéanamh don bhliain amach rompu. Ina theannta sin, tugann sí an deis chun eolas agus taithí a mhalartú agus chun dea-chleachtas a shainaithint in aon limistéar ar leith comhoibrithe.

Grúpa Breosla Trasteorann agus Grúpa Máil Trasteorann.

Leanann an Biúró le páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Breosla Trasteorann agus sa Ghrúpa Máil Trasteorann.

Cuairteanna ar an mBiúró

Leanann an rath a bhíonn ar an mBiúró le haird idirnáisiúnta a mhealladh. I rith 2013, d'éascaigh an Biúró cuairteanna ag toscairí iasachta a chuimsigh réimse de dhisciplíní, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cruthaíonn baint leanúnach an Bhiúró in imscrúduithe a bhfuil toise idirnáisiúnta acu, an deis chun cur leis an bhfreagairt idirnáisiúnta dlí agus faisnéis a sholáthar don fhreagairt sin don bhagairt leanúnach ó ghníomhaíocht eagraithe thrasnáisiúnta choiriúil. Sa mhullach air sin, tugann an bhaint seo an deis don Bhiúró a taithí a roinnt.

Cuid a hOcht
Forbairtí Idirnáisiúnta



Cuid a Naoi

Conclúidí

I rith 2013, lean an Biúró ag tabhairt faoin sainchúram reachtúil agus le díriú ar fháltais ó iompar coiriúil, agus leas á bhaint as forálacha na reachtaíochta um Fháltais ó Choireachta, loncaim agus Leasa Shóisialaigh, sa chás gur cuí. Gaireadh go hiomlán na forálacha a bhronnann an chumhacht ar an mBiúró chun cur chuige ilghníomhaireachta, ildisciplíneach a úsáid maidir leis seo.

Lean an Biúró le díriú ar shócmhainní a bhí ag eascairt ó réimse d'iompar coiriúil amhrasta, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, calaois, goid, sciúradh agus smuigléireacht breosla agus an trádáil mhídhleathach tobac. D'eascair suimeanna de bhreis ar €1.035 milliún as na himscrúduithe faoinar thug an Biúró agus as na himeachtaí agus na gníomhartha iarmharacha, a seoladh ar aghaidh chuig an státchiste faoin reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht. Anuas air sin, bailíodh €5.4 milliún in loncam agus aisghabhadh de bhreis ar €287,000 de ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh.

Go hidirnáisiúnta, lean an Biúró ag dul i gcomhairle le, agus sa chás cuí, ag tabhairt faoi imscrúduithe ar aon dul leis na húdaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain chun díriú ar shócmhainní a d'eascair ó iompar amhrasta coiriúil.

Lean an Biúró lena gcaidreamh a fhorbairt le Interpol, Europol agus le CARIN. Mar an Oifig ainmnithe Aisghabhála Sócmhainní (OAS) in Éirinn, leanann an Biúró le breis forbartha a dhéanamh ar naisc fheabhsaithe

forfheidhmithe dlí le Ballstáit eile an AE. Lean an Biúró ag oibriú ar Choiste Stiúrtha CARIN agus ghlac siad le hUachtaránacht CARIN i rith 2013.

Leanann an Biúró le straitéisí a fhorbairt lena chinntiú, pé áit ar féidir, go ndírítear ar shócmhainní, i gcomhairle le hinstiúidí airgeadais, sa chás cuí, ionas go ndiúltaítear nó go mbaintear brabúis sócmhainní nó gnóthachain ó iompar coiriúil de choirpigh amhrasta.

Faoi mar a tugadh faoi deara i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, níor líonadh ceann de na poist Aturnae a sannadh don Bhiúró ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit go dtí seo. Mar iarracht chun dul i ngleic leis an gceist seo, sheol an Biúró, i gcomhairliúchán le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit, plean gnó roimhe seo a lorg ionadú foirne sa limistéar seo.

Agus iad ag tabhairt faoina gcuid cuspóirí, leanann an Biúró le hidirchaidreamh dlúth a dhéanamh leis an nGarda Síochána, na Coimisinéirí loncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le straitéis shoiléir a fhorbairt a dhíreoidh ar shócmhainní agus brabúis a eascraíonn ó iompar coiriúil. Meastar gurb uirlis éifeachtach an straitéis seo sa chomhrac foriomlán i leith na coireachta.

I rith 2013, cuireadh an tsuim iomlán €6,744,060.52 ar aghaidh chuig an Lárchiste mar thoradh ar ghníomhartha an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Cuid a Naoi
Conclúidí

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon turas]

Aguisín

Cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró

Cuspóirí an Bhiúró: Alt 4 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

4.- — Faoi réir fhorálacha an Achta seo, is iad seo a leanas na cuspóirí a bheidh ag an mBiúró—

(a) sócmhainní a aithint, cibé áit a bhfuil siad, a bhaineann le daoine, a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,

(b) beart iomchuí a ghlacadh faoin dlí leis na sócmhainní sin, ina n-íomláine nó i bpáirt, mar a d'fhéadfadh a bheith iomchuí, agus

(c) a choimeád ó na daoine sin nó a dhiúltú orthu, agus tabhairt faoi aon imscrúdú nó aon réamhobair eile i dtaca le himeachtaí ar bith a éiríonn ó na cuspóirí a luaitear in ailt (a) agus (b).

Feidhmeanna an Bhiúró: Alt 5 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

5. —(1) Gan dochar d'fhairsinge Alt 4, is iad na feidhmeanna a bheidh ag an mBiúró, ag oibriú trína nOifigigh Bhiúró, ná gach beart riachtanach a dhéanamh—

(a) de réir fheidhmeanna an Gharda Síochána, chun críocha, coigistiú, srianadh úsáide, calcadh, caomhnú nó urghabháil sócmhainní a aithnítear mar shócmhainní a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,

(b) faoi na hAchtanna loncaim nó aon fhoráil d'aon achtú eile, cibé an achtaíodh é roimh nó tar éis an Achta seo, a bhaineann le hioncam, le cinntiú go dtagann fáлтаis ó ghníomhaíocht choiriúil nó ó ghníomhaíocht choiriúil amhrasta faoi réir cánach agus go gcuirtear na hAchtanna loncaim, nuair is iomchuí, i bhfeidhm go hiomlán ar fháлтаis nó ar ghníomhaíochtaí mar iad, de réir mar a bheidh,

(c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh le haghaidh imscrúdú agus cinneadh, de réir mar is iomchuí, aon éilimh ar nó i dtaca le sochar (laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993) ag aon duine a thugann faoi iompar choiriúil, agus

(d) ar iarraidh an Aire go n-imscrúdóidh agus go deimhneoidh Leas Sóisialach, de réir mar is iomchuí, aon éileamh

Aguisín

Cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró

ar nó i dtaca le sochar, laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, nuair a dheimhníonn an tAire Leasa Shóisialaigh go bhfuil forais réasúnta ann a chreidiúint i gcás imscrúdú ar leith, go bhféadfadh oifigigh an Aire Leasa Shóisialaigh a bheith faoi réir bagairtí nó foirmeacha eile imeaglaithe,

agus áirítear ar bhearta den sórt sin, de réir mar is iomchuí, faoi réir aon chomhaontú idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíní, nó aon údarás, arb údarás é ag a bhfuil feidhmeanna aisghabhála fáltas ó choireacht, cánach nó slándála sóisialta, in aon chríocha nó stát seachas an Stát.

(2) I dtaca le gnéithe a dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar rud ar bith san Acht seo mar ghné a théann i gcion nó a shrianann ar bhealach ar bith—

(a) cumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Leasa Shóisialaigh, nó

(b) feidhmeanna an Ard-Aighne, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó an Phríomh-Aturnae Stáit.

Nótaí

**An Biúró um
Shócmhainní Coiriúla
Cearnóg Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
Éire**